Comhairle Chontae Shligigh

Scéim Teanga:

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Márta 2015

Cúlra:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáththeanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge. Músclaíonn an mhóreagraíocht seo pobal na hÉireann, tugann sí tuiscint úrnua dúinn ar ár n-oidhreacht luachmhar agus cothaíonn sí meas ionainn ar an gcultúr Gaelach.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.

Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Clár na hAighneachta:

Seo a leanas roinnt moltaí ar an dóigh gur féidir úsáid na Gaeilge a éascu agus a spreagadh:

1. Suíomh Idirlín
2. Na meáin sóisialta
3. Cáipéisí agus Bileoga Eolais
    a. Cáipéisí
    b. Bileoga Eolais agus Eile
4. Baill Foirne
    a. Aitheantas
    b. Oiliúint
    c. Earcaíocht
    d. Láthair Oibre
5. Córas Teagmhála
    a. Ríomhphost
    b. Córas Gutháin
    c. Comhfhreagras
6. Ócáidí Poiblí
    a. Seastáin agus Comharaíocht
    b. Óráidí agus Agallaimh
7. Cur i bhFeidhm
    a. Fógraíocht:
    b. Freagracht:
    c. Faireachán agus Athbhreithniú:

Moltaí

1. Suíomh Idirlín

I láthair na huaire níl leagan Gaeilge den Suíomh. Ba cheart go mbeadh leagan iomlán Gaeilge den Suíomh ar fáil agus, maidir le preasráitis agus le fógraí poiblí, ba cheart go mbeadh an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Chomh maith leis sin, ba cheart a dhéanamh cinnte de go bhfuil na sínte fada ag obair i gceart agus go bhfuil an Ghaeilge féin cruinn agus ceart. Cuirimid na moltaí seo a leanas os comhair Comhairle Chontae an Shligigh:

- Leathanach baile a thabharfadh rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Má bhíonn íomhánna ar an leathanach baile molta seo, tá sé tábhachtach nach mbeadh íomhá chathrach nó thuaithe ag baint le teanga ar leith chun léiriú go mbaineann gach ceann den dá theanga oifigiúla le pobal na hÉireann ar fad, is cuma cá bhfuil siad.
- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad.
- Óráidí ar an suíomh a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.
- Is gá go gcuirfidh Comhairle Chontae Shligigh in iúl do gach eagras, seirbhís agus gnólacht ar a suíomh go gcaithfear seirbhís dhátheangach a chur ar fail.
- Seoladh Gaeilge a thabhairt don leagan Gaeilge, mar shampla www.sligeach.ie agus gan tosaíocht a thabhairt don leagan Béarla trí www.sligo.ie/ga a úsáid. Tá sé tábhachtach déileáil leis an dá theanga oifigiúla ar bhonn comhionann.

Sprioc: *Tús na Scéime*

2. Na Meáin Sóisialta

Cosúil leis an tsuíomh, ba chóir go bhfuil achan rud atá foilsithe ar na meáin sóisialta déanta trí Ghaeilge nó go dá-theangach. Faoi láthair, níl úsáid na Gaeilge le feiceáil ar na suíomhanna Twitter nó Facebook srl. Ba chóir do Chomhairle Chontae Shligigh polasaí a chur i bhfeidhm le h úsáid a bhaint as an Ghaeilge ar chomhchéim leis an Bhéarla ar na suíomhanna seo ar fad. Ba chóir go bhfuil aon teachtaireacht nó scéalta nuachta atá foilsithe tríd na meáin sóisialta i nGaeilge nó go dátheangach fosta.

3. Cáipéisí agus Bileoga Eolais

a. Cáipéisí

Ba chóir go ndéantar iarracht gach cáipéis atá foilsithe ag Comhairle Chontae Shligigh a fhoilsiú i nGaeilge. Mura bhfuil sé de chumas ag an Chomhairle é seo a dhéanamh ó thús na scéime, ba chóir go bhfuil spriocanna áirithe leagtha amach leis seo a bhaint amach roimh dheireadh na scéime.

b. Bileoga Eolais agus Eile

Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca le Comhairle Chontae Shligigh. Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil trí na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus na meáin leictreonacha. Ba chóir go bhfuil an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla. Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).

4. Baill Foirne

a. Aitheantas

Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin fhoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

Go gcuirfear feachtais agus seimineáir eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad, mar shampla trí chúrsaí feasacht teanga Chonradh na Gaeilge.

b. Oiliúint

Go gcuirfí córas oiliúna ar fáil chun a chur ar chumas an chuid eile den fhoireann caighdeán Gaeilge a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ar a gcompord féin agus ar chompord an chustaiméara. Molaimid ranganna Chonradh na Gaeilge atá curtha in oiriúint don Teastas Eorpach na Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ach go háirithe.

c. Earcaíocht

Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á hearcú feasta.

d. Láthair Oibre

Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil go soiléir i ngach áit oibre de chuid Chomhairle Chontae Shligigh, ar chomhchéim le feiceálacht an Bhéarla. Ní amháin go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh leis an Ghaeilge a úsáid le linn a dteagmháil le Comhairle Chontae Shligigh, ach ba chóir go bhfuil an ceart seo ar fáil do bhaill foirne fosta. Ar a bharr seo, leis na moltaí faoi hoiliúint a láidriú, ba chóir go spreagtar baill foirne leis an Ghaeilge a úsáid.

Ginearálta: Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh ar na baill foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu plé le gach éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, cuma cén rannóg lena bhfuil siad ag obair. Níl sé seo cothrom don bhall foirne agus ní bheidh an réimse eolais acu chun seirbhís chuí a chur ar fáil don saoránach.

5. Córas Teagmhála

a. Ríomhphost:

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáth-chomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d'aon teachtaireacht uathoibríoch a mbainfear úsáid aisti mar chuid den chóras. Ba chóir go mbeadh an seoladh ríomhphost i nGaeilge agus i mBéarla. Mar shampla, d'fhéadfaí **eolas@sligeach.ie** agus **info@sligo.ie** a úsáid. Is féidir na seoltaí a cheangal agus beidh an dá leagan in ann teacht isteach ag an seoladh amháin.

b. Córas Gutháin:

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach leis an Chomhairle. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá ag glaoch go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge agus go gcuirfí seirbhís éifeachtach ar fáil trí Ghaeilge.

Caithfidh córas a bheith ann chun plé le fiosrúcháin ghutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann glaoch ar aon uimhir ghutháin de chuid Chomhairle Chontae an Shligigh. D'fhéadfaí leas a bhaint as uimhir ghutháin faoi leith i gcás fiosrúchán Gaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú:

- Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagraítear an guthán.

  Mar shampla :

  'Dia dhuit, an féidir liom cabhrú leat?'

- Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an ghutháin plé le fiosruithe i nGaeilge agus na glaochanna a sheoladh ar aghaidh chuig an mball cuí foirne.
- Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe ar bhealach a mbeadh teachtaireacht i mBéarla ar dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.
- I gcás córas uathoibríoch is féidir tús a chur leis an teachtaireacht mar seo a leanas:

  'Dia dhuit. Brú a haon má tá seirbhís Ghaeilge uait, nó, press two for this service in English''.

  Tá sé fíorthábhachtach go leanfaí leis an dá leagan den tseirbhís. Is gá go mbeidh gach oibritheoir inniúil ar a c(h)uid oibre a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla. Is gá go mbeidh gach fógairt thaifeadta agus gach fógairt chaighdeánach, cibé acu beo nó taifeadta, ar chóras gutháin na Comhairle i nGaeilge nó dátheangach.

c. Comhfhreagras

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an Chomhairle, litreacha, ríomhphoist, gutháin srl.

Go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.

6. Ócáidí Poiblí

a. Seastáin agus Comharthaíocht

Ag ócáidí seolta / foilsiú polasaithe nua / nó aon ócáid eile do na meáin sa Chomhairle ba chóir go mbeadh pé seastán sa chúlra dátheangach leis an nGaeilge chomh feiceálach céanna leis an Bhéarla.

b. Óráidí agus Agallaimh

Ag na hócáidí céanna ba chóir go n-úsáidfeadh pé duine ag cur na hócáide nó ag labhairt ag an ócáid roinnt Gaeilge le freastail ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta. Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a thabhairt do na meáin Ghaeilge.

7. Cur i bhFeidhm

a. Fógraíocht:

Molaimid go ndéanfar an scéim chomhaontaithe a phoibliú go leathan agus go ndéanfar fógraíocht ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Molaimid go gcuirfear isteach siombail nó ráiteas a léiríonn go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge i ngach fógra a fhoilsíonn Comhairle

Chontae an Shligigh go dtuigeann an pobal gur féidir an Ghaeilge a úsáid thar na réimsí ar fad den Chomhairle, ní hamháin i ngnóthaí Gaeltachta.

b. Freagracht:

Go mbunófaí córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéil éagsúla riaracháin chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine atá roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus faoi Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

c. Faireachán agus Athbhreithniú:

Molaimid go gcoimeádfaidh An Grúpa Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Chomhairle gníomhú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú. Chomh maith leis sin, molaimid go mbeidh an bainisteoir líne i ngach ceann de na rannóga freagrach as feidhmiú na scéime laistigh dá réimse féin, le tacaíocht ón Oifigeach Gaeilge, agus go ndéanfaidh an bainisteoir seo an fheidhm laethúil mhonatóireachta go príomha.